Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2021
(OR. en)

8859/21
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0206(COD)**

CODEC 713
SOC 283
SAN 301
CADREFIN 249
COH 3

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh 1296/2013 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráitis |

## Ráiteas ón mBulgáir

Is é an tuiscint atá ag Poblacht na Bulgáire ar an tuairisciú ar chomhtháscairí in Iarscríbhinní I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an gCiste um Aistriú Cóir trí chatagóir 'neamhdhénártha' a úsáid, mar rud nach bhfuil éigeantach. Níl sé i gceist ag Poblacht na Bulgáire sonraí ábhartha a bhailiú agus a thuairisciú ós rud é nach ann dá leithéid de chatagóir ina reachtaíocht náisiúnta.

## **Ráiteas ón Ungáir**

Tá céim thábhachtach eile bainte amach ag an nós imeachta chun rialacháin maidir le Beartas Comhtháthaithe a ghlacadh. Feictear don Ungáir gur gá an ráiteas a rinne sí roimhe sin maidir le hionadaíocht agus léirmhíniú inscne sna rialacháin sin a athdhearbhú.

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na hUngáire i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Ar na cúiseanna sin, léiríonn an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do ghnéas, i gcomhréir le hAirteagail 8, 10, 19 agus 157 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagail 21 agus 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Thairis sin, tá an Ungáir lánchinnte nach bhfuil ábhar inscne iomchuí le sainiú sna doiciméid reachtacha sin.

I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is é an léiriú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap 'inscne', tagairt don ghnéas agus ar an gcoincheap ‘comhionannas inscne' tagairt don 'chomhionannas idir fir agus mná' sna Rialacháin. Maidir leis an miondealú ar shonraí, creideann an Ungáir gur cheart an chéad líne d'Iarscríbhinn I agus d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le CSE+ (agus freisin fonóta 27 in Iarscríbhinn III de Rialachán JTF) a chur i bhfeidhm agus gur cheart tagairt a dhéanamh don téarma 'inscne' agus don idiraisnéis ina hiomláine, agus ní hamháin do cheann amháin de na fochatagóirí atá liostaithe inti.

Agus é á chur san áireamh gur faoi inniúlacht eisiach na mBallstát a thagann sé ábhar an téarma 'inscne' a chinneadh, ba cheart a thuiscint leis na haithrisí, na hairteagail, na hiarscríbhinní agus na fonótaí ábhartha go dtagraíonn siad don téarma inscne arna léirmhíniú i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.

## Ráiteas ón bPolainn

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, i bhfoclaíocht ar bith ina dtagraítear don téarma 'inscne', déanfaidh an Pholainn é a léiriú mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE.

## Ráiteas ón gCoimisiún

**Maidir le hinfheistíochtaí CSE+ chun bochtaineacht leanaí a chomhrac:**

In 2019 bhí 18 milliún leanbh i mbaol bochtaineachta agus eisiamh sóisialta in AE agus líon fíorard i gceist i roinnt Ballstát. Mar thoradh ar ráig COVID-19 agus na hiarmhairtí socheacnamaíocha a ghabhann léi, cuireadh leis an neamhionannas agus leis an mbochtaineacht, agus is mó fós an tionchar a bhí ag an víreas ar na leanaí sin. Tá bochtaineacht leanaí le feiceáil go seasta i ngach Ballstát agus tá na rátaí ag leanúint de bheith níos airde i measc leanaí ná mar a bhíonn i gcás daoine fásta atá in aois oibre.

Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Choimisiún an comhaontú cothrom ar thángthas air agus a fhágann gur uirlis chinntitheach é CSE+ chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na bochtaineachta leanaí. Aithnítear sa chomhaontú an phráinn a bhaineann le hinfheistiú i leanaí i ngach Ballstát.

Is gearr go gcuirfidh an Coimisiún togra le haghaidh Ráthaíocht don Leanbh i láthair agus é mar aidhm aige dul i ngleic ó thaobh struchtúir de leis an dúshlán. Agus CSE+ á chlárú aige, déanfaidh an Coimisiún a mhíle dícheall a áirithiú go dtiomnóidh na Ballstáit maoiniú iomchuí ó CSE+ chun rannchuidiú leis an Ráthaíocht don Leanbh a chur chun feidhme. Ina theannta sin, tathantóidh sé ar na Ballstáit ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais agus na hacmhainní náisiúnta atá ar fáil a úsáid chun tacú le hinfheistíochtaí leordhóthanacha sa réimse sin.

**Maidir le hinfheistíochtaí ó CSE+ san fhostaíocht le haghaidh daoine óga:**

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir gur bhuail an ghéarchéim shocheacnamaíoch daoine óga go díréireach ag eascairt as ráig COVID-19. Ó mhí na Nollag 2019 go mí na Nollag 2020, tá méadú 3 bpointe céatadáin tagtha ar an dífhostaíocht i measc daoine óga san Aontas, rud a fhágann go bhfuil breis agus 3.1 milliún duine óg dífhostaithe. Meabhraíonn an Coimisiún freisin go raibh an dífhostaíocht i measc daoine óga, go seasta, i bhfad níos airde ná an dífhostaíocht i measc daoine fásta, agus léiríonn na figiúirí is déanaí go bhfuil difríocht de níos mó ná 10 bpointe céatadáin eatarthu (17.8 % i gcomparáid le 6.6 % i mí na Nollag 2020).

Is díol sásaimh don Choimisiún an comhaontú ar tháinig na comhreachtóirí air, comhaontú a aithníonn an dúshlán atá ann ar fud na mBallstát. Is é CSE+ an ionstraim chistiúcháin is tábhachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh chun an Ráthaíocht atreisithe don Aos Óg a glacadh le déanaí chomh maith le bearta ábhartha eile faoin tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme.

Agus CSE+ á chlárú aige, déanfaidh an Coimisiún a mhíle dícheall a áirithiú go dtiomnóidh na Ballstáit maoiniú iomchuí ó CSE+ chun an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme. Ina theannta sin, tathantóidh sé ar na Ballstáit ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais agus na hacmhainní náisiúnta atá ar fáil a úsáid chun tacú le hinfheistíochtaí leordhóthanacha sa réimse sin.